Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2019
(OR. en)

9167/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0104(COD)**

CODEC 1051
JAI 498
FRONT 181
VISA 108
FAUXDOC 39
FREMP 68
IA 151

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Ráitis |

## Ráiteas ón Laitvia

Is díol sásaimh don Laitvia obair na hUachtaránachta maidir leis an Rialachán lena ndírítear ar neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta.

Creideann an Laitvia go neartófar, ar an mórgóir, slándáil cártaí aitheantais agus doiciméad cónaithe leis an téacs comhréitigh a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún agus, ar an gcaoi sin, go laghdófar coireanna, go gcuirfear chun cinn slándáil inmheánach an Aontais, go bhfeabhsófar an chaoi a ndéantar daoine a aithint agus go gcuirfear chun cinn an comhrac i gcoinne calaois doiciméad agus goid chéannachta.

Ina ainneoin sin, is oth leis an Laitvia go bhforordaítear in Airteagal 3(4) agus Airteagal 6(h) den Rialachán seo an sainchomhartha a áireamh atá comhdhéanta de chód tíre dhá litir an Bhallstáit a eisíonn an doiciméad, é clóite droim ar ais i ndronuilleog ghorm agus dhá cheann déag de réaltaí buí i gciorcal timpeall air. Creideann an Laitvia nach soláthrófar gné shlándála sa bhreis leis an sainchomhartha sin. Dá bhrí sin, is gá tagairt shoiléir a dhéanamh i dtéacs an Rialacháin do ghné shlándála DOVID chun treoir shoiléir a sholáthar don chur chun feidhme teicniúil agus, mar sin, gné shlándála sa bhreis do dhoiciméid taistil a bheidh ann. Le tagairt den sórt sin, bheifí in ann an sainchomhartha a phriontáil le leibhéil éagsúla infheictheachta i roinnt réimsí den fhaisnéis phearsanta.

Sa bhreis air sin, tá an Laitvia den tuairim go dtógfadh an sainchomhartha sin an iomarca spáis, spás a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, agus nach n-oirfeadh sé do dhearadh iomlán an chárta aitheantais.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Is mór ag Poblacht na Seice an fhorbairt a rinneadh chun slándáil na gcártaí aitheantais arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint dá dteaghlaigh a fheabhsú.

Mar sin féin, ní fhéadfaimid aontú le tabhairt isteach éigeantach sonraí bithmhéadracha i gcártaí aitheantais agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaimid tacú leis an togra le haghaidh rialacháin mar atá sé faoi láthair. D'fhéadfadh Poblacht na Seice a mhalairt de thuairim a bheith aici dá mbeadh na sonraí bithmhéadracha (agus na méarloirg go sonrach) san áireamh sna cártaí aitheantais ar bhonn deonach, agus sa chás sin amháin.

Ó thaobh chosaint na sonraí de, is saincheist fhíor-íogair do Phoblacht na Seice é stóráil éigeantach na sonraí bithmhéadracha sna cártaí aitheantais toisc go bhfuil sé de dhualgas ar fhormhór an daonra cárta aitheantais a bheith ina seilbh acu.

Toisc nach gceanglaíonn ach leath de na Ballstáit ar a saoránaigh cárta aitheantais a bheith ina seilbh acu, measann Poblacht na Seice go bhfuil an togra le haghaidh rialacháin díréireach.